Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2026**
**(OR. en)**

**5290/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0102 (NLE)**

**AELE 3**
**AND 2**
**SM 2**
**MI 15**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile |

DEARBHÚ ANDÓRA
MAIDIR LE hEARNÁIL AN TOBAC

Le blianta beaga anuas tá Andóra tar éis tabhairt faoi phróiseas mór dian athchóirithe arb é is aidhm dó níos mó oscailteachta agus trédhearcachta a chruthú agus Andóra a thabhairt níos gaire don Aontas.

Is é is aidhm do na hathchóirithe sin aistriú struchtúrtha ar shamhail eacnamaíoch Andóra a áirithiú agus a gheilleagar a éagsúlú. Ba cheart go mbeadh mar thoradh ar éagsúlú gheilleagar Andóra, le tacaíocht ó chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, go bhforbrófaí earnálacha nua den gheilleagar agus go méadófaí iomaíochas earnálacha áirithe atá ann cheana.

Ní mór an claochlú eacnamaíoch a bheith fite fuaite le forbairt sheasta an ioncaim chánach a eascraíonn as athchóirithe suntasach a rinneadh le blianta beaga anuas agus as an staid shocheacnamaíoch, lena n- áirítear fostaíocht.

Sa chomhthéacs sin, tá sé ar cheann de thosaíochtaí Andóra trádáil fhreagrach tobac a neartú agus a chosaint a thuilleadh. Tá Andóra lántiomanta do bheartas chun an tsláinte phoiblí agus rialú tobac a fheabhsú, go háirithe trí aontú do Chreat- Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac agus don Phrótacal ar Mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú, agus trí reachtaíocht ábhartha an Aontais a ghlacadh.

Príomhghné de bheartas sláinte poiblí Andóra is ea calaois agus smuigleáil maidir le táirgí tobac a chosc agus a chomhrac. Tugann Andóra gealltanas daingean a chuid iarrachtaí a neartú sna réimsí sin, go háirithe trí reachtaíocht an Aontais a bhfuil cumas riaracháin, breithiúnach agus ábhartha leordhóthanach aici a ghlacadh agus a chur chun feidhme go tráthrialta.

Geallann Andóra an comhar frithchalaoise a neartú, go háirithe leis an Aontas agus leis an dá Bhallstát chomharsanacha de chuid an Aontais. Déanfaidh Andóra dlúthfhaireachán ar athruithe ar chainníochtaí na dtáirgí tobac a mhonaraíonn sé go háitiúil, a allmhairíonn sé, a mhargaíonn sé, agus a onnmhairíonn sé. Meabhraítear d'Andóra go háirithe teacht i bhfeidhm den Chomhaontú idir Rialtas Phoblacht na Fraince agus Rialtas Phrionsacht Andóra maidir le comhar trasteorann in ábhair phóilíneachta agus chustaim an 1 Aibreán 2018, agus síniú an Choinbhinsiúin idir Prionsacht Andóra agus Ríocht na Spáinne maidir le comhar i gcomhrac na coireachta agus maidir leis an tslándáil an 2 Meán Fómhair 2015.

I bhfianaise na ndifreálach praghsanna atá ann faoi láthair, lena n- áirítear cánacha le haghaidh táirgí tobac idir Andóra agus, go háirithe, an dá Bhallstát chomharsanacha de chuid an Aontais, gabhann Andóra air féin gan na difreálacha praghsanna le haghaidh táirgí tobac, lena n- áirítear cánacha, atá ann a mhéadú ar dháta shínithe an Chomhaontaithe ag an tAontas agus Andóra, i ndáil leis an mBallstát an Aontais comharsanach a bhfuil na praghsanna is ísle aige.

Áiritheoidh Andóra go ndéanfar, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Phrótacal Andóra, aon laghdú ar ioncam a thagann ón laghdú ar dhleachtanna custaim a bhaineann le táirgí tobac a fhritháireamh go comhuaineach le hioncam eile Stáit.

Agus é á chur i dtábhacht aige nach dtagann cánachas faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, déanfaidh Andóra scrúdú, i gcás inarb iomchuí agus d'fhonn ioncam leordhóthanach Stáit a áirithiú, ar an bhféadfaí inspioráid a fháil ó reachtaíocht an Aontais maidir le cánacha ar tháirgí tobac.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS EORPACH AGUS Ó ANDÓRA
MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT DAOINE

Leis an gComhaontú seo, ina leagtar amach na coinníollacha maidir le feidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta daoine ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas nó Andóra, agus ionchorprú Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ag Andóra ní fhorchuirfear aon oibleagáid ar Andóra an coincheap 'saoránacht an Aontais' a ghlacadh (Airteagail 20 et seq. CFAE), rud nach bhfuil a choibhéis sa Chomhaontú seo.

Is iad Airteagail 18, 21, 46, 50, agus 59 CFAE bunús dlí Threoir 2004/38/CE.

Le Treoir 2004/38/CE, déantar foráil maidir le córas cearta chun dul isteach, cearta cónaithe, cearta imeachta agus cearta maidir le cóir chomhionann. Tá an córas sin faoi réir teorainneacha agus srianta áirithe atá, ar a n-uain, faoi réir, inter alia, ráthaíochtaí nós imeachta, athbhreithniú breithiúnach go háirithe.

Beidh feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Andóra i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinní VIII agus V a ghabhann le Prótacal Andóra.

Le cásdlí CBAE soláthraítear soiléirithe úsáideacha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na bearta atá ar fáil don Stát óstach chun an t-ord poiblí a chaomhnú agus chun coirpigh eachtracha a dhíbirt.

---

**1** Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

Beidh ionchorprú Threoir 2004/38/CE ag Andóra gan dochar don mheastóireacht ar ábharthacht reachtaíocht an Aontais a bheidh ann amach anseo, ná do chás dlí CBAE amach anseo bunaithe ar choincheap shaoránacht an Aontais, a ghabhann leis an gComhaontú seo. Ní sholáthraítear leis an gComhaontú seo bunús dlí le haghaidh cearta polaitiúla náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas nó d'Andóra.

Comhaontaíonn an tAontas agus Andóra nach gcumhdófar beartas inimirce leis an gComhaontú seo. Ní chumhdófar cearta cónaithe náisiúnach tríú tír leis an gComhaontú seo, cé is moite de chearta a thugtar do náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh iad de náisiúnach de Bhallstát den Aontas nó d'Andóra a fheidhmíonn a cheart nó a ceart chun saorghluaiseachta daoine faoin gComhaontú seo, toisc go bhfuil na cearta sin ag teacht ar an gceart chun saorghluaiseachta atá ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas nó d'Andóra.

Aithníonn Andóra go bhfuil sé tábhachtach do náisiúnaigh Bhallstát den Aontas nó d'Andóra leas a bhaint as a gceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine go bhfuil cearta díorthaithe áirithe ag baill a dteaghlaigh de réir bhrí Threoir 2004/38/CE a bhfuil náisiúntacht tríú tír acu freisin, amhail na ceartaí sin a leagtar amach in Airteagail 12(2), Airteagail 13(2) agus Airteagail 18 den Treoir sin.

DEARBHÚ ANDÓRA
MAIDIR LE CÁS AR LEITH ANDÓRA
AGUS MAIDIR LEIS AN tSLÁNDÁIL AGUS AN BEARTAS POIBLÍ A CHOIMIRCIÚ

Rialtas Andóra,

Ag tagairt don Dearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin arna shíniú an 13 Nollaig 2007,

Ag meabhrú dó go bhfuil limistéar sléibhtiúil an- bheag ináitrithe ag Andóra, ina bhfuil céatadán neamhghnách ard de chónaitheoirí agus d'fhostaithe nach náisiúnaigh de chuid Andóra iad,

Ag meabhrú dó gurb é príomhchuspóir gach Stáit an tslándáil agus an beartas poiblí a choimirciú,

Ag tabhairt dá aire go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh Andóra in ann slándáil an Stáit, slándáil daoine agus slándáil maoine agus beartas poiblí áirithe Andóra a choimirciú,

Ag tabhairt dá aire go bhfuil ardleibhéal slándála poiblí ag daonra Andóra nach mór a choinneáil mar mhórshócmhainn i dtéarmaí clú, dálaí maireachtála agus comhtháthú sóisialta,

Ag meabhrú dó nach bhfuil ionstraimí slándála, institiúidí agus bonneagar a bhíonn ar fáil de ghnáth do Stát níos mó ar fáil d'Andóra,

Ag athdhearbhú dó a thiomantas a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha uile an Chomhaontaithe Comhlachais agus go gcuirfear chun feidhme iad de mheon macánta,

Measann sé gur gá aird chuí a thabhairt, agus an Comhaontú á chur i bhfeidhm, ar shuíomh geografach sonrach agus ar struchtúr déimeagrafach agus sóisialta Andóra,

Measann sé gur faoi chúirteanna Andóra, ar bhonn Airteagail 27 agus 28 de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], atá sé an leibhéal cosanta a mheasann siad a bheith inmhianaithe a chinneadh do leasanna bunúsacha na sochaí, i gcomhréir le cásdlí CBAE, inar soiléiríodh nach mór an leibhéal cosanta sin a léirmhíniú go docht.

Measann sé nach mór a chur san áireamh sa léirmhíniú ar na forálacha lena gcoinnítear nasc le saincheisteanna na slándála agus an bheartais phoiblí atá sa Chomhaontú seo, agus prionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta agus léirmhíniú CBAE á n- urramú, an fíorthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompar aonair, ar fíorbhagairt é ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí agus ar baol don tslándáil agus don bheartas poiblí é de réir chásdlí na gcúirteanna náisiúnta, i bhfianaise shainiúlachtaí geografacha, déimeagrafacha agus sóisialta Andóra.

Measann sé go bhféadfadh údar a bheith le glacadh na mbeart coimirce ag Andóra dá dtagraítear in Airteagal 97 den Chreat Chomhaontú seo, inter alia, i gcás ina bhféadfadh insreabhadh caipitil ón bPáirtí Comhlachaithe eile a bheith ina bhagairt ar rochtain an daonra chónaithe ar mhargadh an eastáit réadaigh, i gcás ina bhfuil méadú urghnách ar líon na náisiúnach de chuid Bhallstáit an Aontais a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chórais phoiblí, nó i gcás ina mbeadh éagothroime shoiléir ann mar thoradh ar líon iomlán na bpost arna nginiúint ag an ngeilleagar náisiúnta, i ndáil le líon na gcónaitheoirí.

Gabhann sé air féin foráil a dhéanamh maidir leis na sásraí is gá chun a áirithiú nach laghdófar an cion de náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais ina dhaonra le linn na tréimhse ina bhfuil bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 97 den Chreat-Chomhaontú i bhfeidhm.

---

[1] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS Ó ANDÓRA
MAIDIR LE hAERIOMPAR

Laistigh de 8 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, comhaontaíonn an tAontas agus Andóra scrúdú a dhéanamh laistigh den Chomhchoiste an bhféadfaí Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Prótacal Andóra a leathnú chuig earnáil an aeriompair.